C/2024/7284

6.12.2024

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas ar leasú caighdeánach ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2024/7284)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ([1]).

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

'Lessini Durello' / 'Durello Lessini'

PDO-IT-A0447-AM03

Dáta na teachtaireachta: 10.9.2024

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS NA CÚISEANNA LEIS

1. **An cineál 'fíon súilíneach a dhéantar leis an modh clasaiceach' a bhaint**

Tuairisc: An cineál fíona a dhéantar súilíneach leis an modh clasaiceach a bhaint.

Cúiseanna: Tagann an cinneadh sin sna sála ar athchóiriú mór lena ndéantar idirdhealú idir fíon súilíneach a tháirgtear trí úsáid a bhaint as an modh Iodáileach agus fíon súilíneach a tháirgtear trí úsáid a bhaint as an modh clasaiceach. I bhfianaise an athchóirithe sin, rinneadh cinneadh gan fíon súilíneach a tháirgtear trí úsáid a bhaint as an modh clasaiceach a áireamh a thuilleadh, ach an fíon a tháirgtear trí bhíthin an dara coipeadh in uathchlábh amháin.

Baineann an leasú sin le hAirteagail 1, 5, 6 agus 9 den tsonraíocht táirge agus le ranna den doiciméid aonair dar teidil 'Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)' agus 'Nasc leis an limistéar geografach'.

2. **Leasú ar mhodhanna treoraithe fíniúnacha**

Tuairisc: Modhanna treoraithe fíniúnacha a shimpliú.

Cúiseanna: Simplíodh na tuairiscí chun modhanna treoraithe fíniúnacha níos nua-aimseartha a cheadú chun an fíonsaothrúchán a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir le nuálaíocht a rinneadh le déanaí.

Baineann an leasú sin le hAirteagal 4 den tsonraíocht táirge.

3. **Sonraíocht na modhanna coipthe**

Tuairisc: Scriosadh na gcodanna a bhaineann le tíopeolaíochtaí an mhodha chlasaicigh ar cuireadh an modh chun fíon súilíneach a dhéanamh in uathchláibh ina ionad.

Cúiseanna: Cuireadh an tsonraíocht in oiriúint don mhodh fíonóireachta lena mbaineann an dara coipeadh in uathchlábh.

Baineann an leasú sin le hAirteagal 5 den tsonraíocht agus leis an roinn den doiciméad aonair dar teideal 'Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha'.

4. **Scriosadh na dtuairiscí ceimiceacha agus orgánaileipteacha le haghaidh fíon súilíneach a dhéantar leis an modh clasaiceach**

Tuairisc: Scriosadh na codanna a bhaineann le tíopeolaíochtaí an mhodha chlasaicigh.

Cúiseanna: Cuireadh an tsonraíocht in oiriúint do shaintréithe fíonta súilíneacha a tháirgtear trí bhíthin an dara coipeadh in uathchláibh.

Baineann an leasú sin le hAirteagal 6 den tsonraíocht agus leis an roinn den doiciméad aonair dar teideal 'Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)'.

([1]) IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

5. **Nasc leis an timpeallacht a thabhairt cothrom le dáta**

Tuairisc: Scriosadh na codanna a bhaineann le tíopeolaíochtaí an mhodha chlasaicigh.

Cúiseanna: Cuireadh an tsonraíocht in oiriúint do shaintréithe fíonta a dhéantar súilíneach trí bhíthin an dara coipeadh in uathchláibh. Rinneadh clár an airteagail a athdhréachtú agus a athstruchtúrú.

Baineann an leasú sin le hAirteagal 9 den tsonraíocht táirge agus leis an roinn den doiciméad aonair dar teideal 'Nasc leis an limistéar geografach'.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm an táirge**

Lessini Durello

Durello Lessini

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC - Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí an táirge fíniúna**

5. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 22 - DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 - Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar na fíonta**

'Lessini Durello' nó 'Durello Lessini' súilíneach a tháirgtear leis an modh Martinotti nó Charmat

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Boilgeoga: mín, marthanach

Dath: dath buí éadrom na tuí le himireacha scothghlasa

Dea-bholadh: Éadrom, suaithinseach agus beagán torthaíoch

Blas: idir dáileog nialasach nó *pas dosé* agus *extra brut*, *brut*, an-tirim, tirim, agus *demi-sec*

Neart alcóil iomlán íosta de réir toirte: 11,00 %

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 14 g/l

Aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos, comhlíonann sé na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: 6,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. **Modh Martinotti nó Charmat chun fíon súilíneach a dhéanamh (agus uathchláibh á n-úsáid)**

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Coipeadh tánaisteach in uathchláibh, trí úsáid a bhaint as modh Martinotti nó Charmat, i gcomhréir leis na rialacha atá i bhfeidhm maidir le táirgeadh fíonta súilíneacha.

5.2. *Uastáirgeacht*

2. 'Lessini Durello' nó 'Durello Lessini' súilíneach a tháirgtear leis an modh Martinotti nó Charmat

16 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Áirítear an méid seo a leanas sa limistéar táirgthe le haghaidh fíonta a chumhdaítear leis an ainmniúchán tionscnaimh cláraithe 'Lessini Durello' nó 'Durello Lessini':

(a) Cúige Verona: críoch iomlán na mbardas seo a leanas: Vestenanova, San Giovanni Ilarione agus cuid de chríoch bhardais: Montecchia di Crosara, Roncà, Cazzano di Tramigna, Tregnago agus Badia Calavena.

(b) Cúige Vicenza: críoch iomlán bhardais Arzignano, Castelgomberto, Chiampo, Brogliano, Gambugliano, Trissino agus cuid de chríoch bhardais Cornedo, Costabissara, Gambellara, Isola Vicentina, Malo, Marano Vicentino, Monte di Malo, Montebello Vicentino, Montecchio Maggiore, Montorso Vicentino, Nogarole Vicentino, San Vito di Leguzzano, Schio agus Zermeghedo.

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

Durella B.

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

'Lessini Durello' nó 'Durello Lessini' súilíneach a tháirgtear leis an modh Martinotti nó Charmat

(a) Sainiúlacht an limistéir gheografaigh

Tosca nádúrtha

Tá limistéar ATFC 'Lessini Durello' nó 'Durello Lessini' níos mó ná 30 000 heicteár sa chuid chnocach de shléibhte oirthearacha Lessini atá ar an teorainn idir cúigí Verona agus Vicenza.

Saintréith den struchtúr geografach atá i bpáirt ag sléibhte Lessini ina n-iomláine is ea na gleannta atá fada agus uaireanta cúnga a ghathaíonn den chuid is mó i dtreo ó thuaidh siar ó thuaidh go ó dheas soir ó dheas, agus iad deighilte ag iomairí atá eagraithe i bpatrún comhfhreagrach, a shíneann ó dheas agus iad ag imeacht faoi shraith ghlárach mhachaire ghleann Po. Tá an difríocht san airde sa limistéar thart ar 800 m.

Tá an córas hidreagrafach sa limistéar forbartha go maith go háirithe agus is éard atá ann den chuid is mó ná na haibhneacha Lessinia a shreabhann i dtreo ó dheas go ginearálta.

Saintréith d'aeráid an limistéir atá i gceist is ea an bháisteach bhliantúil de thart ar 1 063 mm agus meánteochtaí bliantúla de thart ar 13,7 °C.

Cé go bhfuil geolaíocht an limistéir casta go leor, is féidir a rá go bhfuil carraigeacha bolcánacha agus bolcánacha-dráimh bunúsacha chun tosaigh sna limistéir atá dírithe ar fhíonsaothrú faoi láthair, go háirithe ar fhánaí cnocacha Val d'Alpone agus Val di Chiampo, a fhad le gleann Agno.

Tá na hithreacha a eascraíonn as sin measartha domhain, agus tá uigeacht mhín acu agus scaipeadh carraigeacha basailt ar an dromchla a bhíonn níos minice domhain san ithir.

Is é Durella an príomhchineál fíonchaor anseo, atá beagnach eisiach don limistéar. Is cineál an lae inniu ón Durasena é dá dtagraítear i Reachtanna Costozza 1290.

Is cineál fíonchaor geal é a fhásann i dtriopall dlúth sciathánach. Díorthaítear a ainm ó chruas nó teinne an chraicinn agus ón aigéadacht iomlán ard atá mar shaintréith ag an bhfíon, rud a chumasaíonn seilfré fhada agus torthaí optamacha nuair a úsáidtear é chun fíon súilíneach a dhéanamh.

Leis an gcineál sin, a bhuí lena tháirgeacht leanúnach, lena fhrithsheasmhacht mhaith in aghaidh galair, lena oiriúnacht den scoth lena úsáid chun fíonta súilíneacha a dhéanamh (mar gheall ar an gcion aigéid) agus lena fhás den scoth (ag teacht leis na leibhéil mhaithe bháistí a thaifeadtar ar fhánaí oirthear Verona agus Vicenza), fuarthas na dálaí ithreach agus aeráide idéalacha sa limistéar chun na torthaí is fearr a bhaint amach agus chun a áirithiú go bhfuil na fíniúnacha láidir agus in ann dúshláin ollmhóra a sheasamh.

Tosca stairiúla agus daonna

Tá an fíonsaothrúchán ar siúl i limistéar Monti Lessini le seacht gcéad bliain, agus is léiriú mór é sin ar a thiomanta a bhíothas riamh d'aire a thabhairt do na fíniúnacha sa limistéar sin arb éard atá ann cnoic arda a chlúdaíonn na cúigí Verona agus Vicenza i limistéar Monti Lessini.

I ndoiciméid stairiúla maidir le talmhaíocht i limistéar Monti Lessini, is minic a chuirtear an frása 'Terra cum vineis' i dtábhacht, is é sin dáileacht talún atá curtha go hiomlán le fíniúnacha, i.e. fíonghort. Idir na Meánaoiseanna agus blianta tosaigh an naoú haois déag, ní raibh an fíonsaothrú ná an fhíoneolaíocht i gcúigí Verona agus Vicenza, agus dá bhrí sin i limistéir Alpone agus Agno-Chiampo, tagtha chun cinn go fóill thar na bunleibhéil theicniúla a bunaíodh sna Meánaoiseanna.

Tagann na fíonta is fearr ó fhíonchaora a fhástar in ithreacha dea-nochta de thionscnamh bolcánach, a úsáideann teicnící saothraithe réasúnacha atá nasctha leis na traidisiúin áitiúla.

Déanann nochtadh maith do sholas na gréine leas do chineál Durella. Mar sin féin, mar is eol do na saothraithe fíniúna, thar aon ní eile teastaíonn aershreabhadh maith san fhíonghort uaidh.

Tá forbairt mhór tagtha ar chórais treoraithe fíniúnacha i gcaitheamh na mblianta.

Sa lá atá inniu ann is iad treilísí (simplí agus dúbailte) agus modh Guyot na córais treoraithe is coitianta a úsáidtear sa limistéar ina bhfástar cineál Durella. Le blianta beaga anuas, tháinig an-tóir freisin ar an gcóras treoraithe pergola dúbailte Verona, le hualach íseal bachlóige agus oscailte ag an lár. Tugann an córas treoraithe seo solas gréine níos mó, malartú aeir níos fearr agus dath níos fearr do na fíonchaora.

Bunaithe le Foraithne Aireachta an 25 Meitheamh 1987 (Iris Oifigiúil Uimh. 6 an 9 Eanáir 1988), tá an Cuibhreannas chun 'Lessini Durello' a Chosaint [*Consorzio di Tutela del Lessini Durello*], a d'aithin an Aireacht náisiúnta i mí na Samhna 2000, tiomanta do phróifíl na n-ainmniúchán a tháirgtear sa limistéar a ardú, chomh maith leis na dálaí táirgiúla agus socheacnamaíocha i ngleannta Verona agus Vicenza a thagann laistigh den limistéar táirgthe. Tá táirgeoirí an ainmniúcháin, in éineacht leis an gCuibhreannas, tar éis an teicníc a úsáidtear chun fíon súilíneach a dhéanamh as fíonchaora Lessini Durello a bheachtú, rud a thugann suíomh mór le rá dó i measc fíonta súilíneacha Veinéiseacha.

(b) Sainiúlacht an táirge

Tá triopaill fhíonchaora Durella meánmhéide, tá cruth pirimide orthu agus tá siad dlúth agus sciathánach; tá craiceann sách tiubh, láidir agus tainneach ag na fíonchaora.

Déantar Durello Spumante trí úsáid a bhaint as cumasc ina bhfuil méid íosta 85 % fíonchaora Durella, agus is breiseanna féideartha iad Chardonnay, Garganega, Pinot bianco agus Pinot nero. Ciallaíonn céatadán ard na haigéadachta iomláine go bhfuil an cumasc oiriúnach chun fíon súilíneach a dhéanamh.

Bíonn boilgeoga míne, fadmharthanacha ag an bhfíon seo agus bíonn dath buí na tuí lena mbaineann déine éagsúil air, le himireacha scothghlasa. Tá imireacha de ghipseam agus de shalainn iaidín mar shaintréith den chumhracht, agus is cosúil go gcuireann siad le bolaithe níos bláthaí de chaor throim agus sceach gheal. Tá an aigéadacht bhríomhar ina príomh-shaintréith de chuid an fhíona sa bhéal. Arís eile, bíonn na blasanna goirte atá tipiciúil don chríoch seo le fáil go láidir. Cé nach mbíonn an fíon ró-thathagach riamh, is cosúil go bhfuil an blas sa bhéal a fheabhsaítear leis an iarbhlas mianrach searbh do-ídithe. Is iad na saintréithe sin go díreach a fhágann go bhfuil sé chomh solúbtha sin, mar ghreadóg nó mar thionlacan le miasa níos láidre a bhfuil blasanna láidre orthu.

(c) Nasc cúisíoch idir an timpeallacht agus an táirge

Níl aon amhras ach go bhfuil an fíonsaothrú sa limistéar a chumhdaítear le Lessini Durello ATFC bunaithe ar nasc láidir idir na fíonta a tháirgtear agus gnéithe tipiciúla na críche: ar thaobh amháin, an cineál fíniúna dúchasaí ársa Durella; agus ar an taobh eile, timpeallacht atá fós neamhéillithe den chuid is mó le tírdhreach atá caomhnaithe go foirfe agus atá fós gan mhilleadh sna suíomhanna is sainiúla atá aici. Tá neart tagairtí bibleagrafaíocha ann freisin a dheimhníonn iompar éagsúil an chineáil seo i dtimpeallachtaí comhchosúla nó analógacha.

Cruthaíonn an fíonsaothrú sa limistéar seo go bhfuil an toradh fíoneolaíoch ag brath go dlúth ar an tsineirge fhoirfe idir na fíniúnacha agus an timpeallacht. Ar thaobh amháin, tá an talamh ann ar a gcuirtear na fíniúnacha lena saintréithe dea-shainithe agus sonracha; agus ar an taobh eile, tá na fíniúnacha ann agus a n-oiriúnú an-bheacht do thosca amhail teocht, uisce, ithir agus modhanna fáis. Bíonn fíonta an-sainiúil ann mar thoradh ar na cnoic arda agus na hithreacha de thionscnamh basaltach den chuid is mó.

Tá an treilís a úsáidtear le haghaidh fhíniúnacha Durella fós ar cheann de na córais treoraithe fíniúnacha is fearr, atá nasctha leis an talamh agus leis an timpeallacht , ach ní mór í a bhainistiú go maith chun fíonchaora atá ar ardchaighdeán i gcónaí a ráthú.

Cé go bhfuil an cion aigéadachta seasta ard nasctha le saintréithe an chineáil fíniúna, tá na saintréithe eile ar fad nach mór nasctha go láidir leis na dálaí ithreach agus aeráide. Tá nasc an-láidir ann i ndáiríre idir na hithreacha bolcánacha agus na bolaithe mianracha breochlochacha a d'fhéadfaí tuairisc a thabhairt orthu beagnach mar mharcóir sonrach de chineál Durello. Sainmhínítear saintréithe eile an fhíona sin leis na grádáin agus na hairdí a tháirgeann na luaineachtaí teochta measartha foircneacha. Ní bheidh cáil ar na fíonta seo go brách as bheith dea-struchtúrtha, ach is é a mboladh a shainaithníonn agus a shainmhíníonn go praiticiúil céannacht chineál Durello. Malartaíonn bolaithe úll aibí a bheag nó a mhór le bolaithe níos casta, níos déine de thionscnamh mianrach, amhail breochloch, uaireanta fiú le bolaithe muirí iaidín agus sulfair.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Fíonta súilíneacha a tháirgeadh

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht an Aontais

Cineál an choinníll breise:

Maolú ar an táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Níor cheart na fíonta súilíneacha a tháirgeadh ach amháin laistigh de chríoch réigiún Veneto.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://www.politicheagricole.it/flex/cm/pages/ServeBLOB.php/L/IT/IDPagina/21934